Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15620/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0405(NLE)**

**EDUC 452**
**JEUN 267**
**SPORT 56**
**SOC 803**
**EMPL 577**
**COMPET 1138**
**RECH 515**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Samhain 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 719 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE 'An Eoraip ag Bogadh' – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 719 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 719 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.11.2023
COM(2023) 719 final

2023/0405 (NLE)

Togra le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## ‘An Eoraip ag Bogadh’ – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2023) 719 final} - {SWD(2023) 720 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

*'Táim tiomanta go hiomlán don Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025. Ní mór dúinn bacainní ar an bhfoghlaim a laghdú agus rochtain ar oideachas ardcháilíochta a fheabhsú. Ní mór dúinn a chur ar a gcumas d'fhoghlaimeoirí gluaiseacht go héasca idir córais oideachais i dtíortha éagsúla. Agus ní mór dúinn cultúr an oideachais a athrú i dtreo na foghlama ar feadh an tsaoil a shaibhríonn sinn go léir.'*

An tUachtarán von der Leyen, Treoirlínte Polaitiúla[1]

Tá sé léirithe gur taithí luachmhar í an tsoghluaisteacht foghlama do dhaoine maidir leis an eolas a fháil agus leis na scileanna a shealbhú a theastaíonn le haghaidh forbairt phearsanta, oideachasúil agus ghairmiúil, agus le haghaidh rannpháirtíocht saoránach agus cuimsiú sóisialta[2]. Tá eagrú na soghluaisteachta foghlama ina spreagadh láidir freisin d'institiúidí oideachais agus oiliúna agus do sholáthraithe foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla chun cáilíocht na foghlama a chuireann siad ar fáil a fheabhsú. I gcomhthéacs an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, lena n-éilítear 'réabhlóid scileanna', cuireann an tsoghluaisteacht foghlama le dul i ngleic le bearnaí scileanna, cuirtear dlús léi le forbairt scileanna agus cothaítear léi mothú láidir saoránachta agus tuisceana ar chomhluachanna ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin.

Faoin togra seo, ciallaíonn soghluaisteacht foghlama bogadh go fisiceach go tír eile nach í an tír chónaithe í d'fhonn tabhair faoi staidéar, oiliúint nó foghlaim sheachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil. Tá raon feidhme leathan leis lena gcumhdaítear gach cineál soghluaisteachta foghlama agus foghlaimeoirí agus baill foirne i ngach earnáil den fhoghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear an scoil, ardoideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, foghlaim aosach chomh maith le soghluaisteacht foghlama daoine óga, oibrithe óige agus ball foirne i réimse an oideachais agus an chúraim luath-óige, agus i réimse an spóirt. Cumhdaítear leis freisin an tsoghluaisteacht foghlama laistigh den Aontas agus an tsoghluaisteacht foghlama idirnáisiúnta chuig an Aontas Eorpach agus uaidh.

Tá an moladh atá beartaithe ina phríomhbhloc tógála den Limistéar Eorpach Oideachais, áit nach gcuirtear isteach ar an bhfoghlaim le teorainneacha, agus ina dtugtar deis do gach duine foghlaim nó staidéar a dhéanamh thar lear. Treiseofar leis na creatchoinníollacha riachtanacha chun soghluaisteacht foghlama a éascú do chách agus chun deis a thabhairt do níos mó daoine

[1] Treoirlínte polaitiúla don chéad Choimisiún eile (2019 -2024) - 'Union that strives for more: My agenda for Europe' [Aontas a fhéachann le níos mó a bhaint amach: Mo chlár oibre don Eoraip] Treoirlínte polaitiúla don chéad Choimisiún eile (2019-2024) - 'A Union that strives for more: My agenda for Europe' [Aontas a fhéachann le níos mó a bhaint amach: Mo chlár oibre don Eoraip] | An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

[2] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin: Measúnú tionchar a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear 'Erasmus': clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 1288/2013, {COM(2018) 367 final } - { SEC(2018) 265 final } - { SWD(2018) 276 final. Nasc: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52018SC0277

tairbhe a bhaint as an gclár Erasmus+[3] agus as scéimeanna soghluaisteachta foghlama trasteorann eile.

Le creat an Aontais maidir le soghluaisteacht foghlama atá beartaithe, tugtar cothrom le dáta Moladh 2011 ón gComhairle 'An Óige ag gluaiseacht' – agus leis sin cuirtear chun cinn soghluaisteacht foghlama daoine óga trína raon feidhme[4] a leathnú ó dhaoine óga chuig foghlaimeoirí d'aon aois mar aon le hoideoirí agus baill foirne. Leis an gcreat nua soghluaisteachta foghlama sin, tugtar aghaidh freisin ar phatrúin foghlama nua, lena n-áirítear iomadú uirlisí digiteacha don fhoghlaim agus don fhoghlaim chumaisc, chomh maith le soghluaisteacht níos inbhuanaithe.

Fógraíodh an méid a tugadh cothrom le dáta sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025[5], chun go mbeidh níos mó foghlaimeoirí agus múinteoirí in ann bacainní a shárú agus leas a bhaint as deis soghluaisteachta. Sainaithníodh sa Teachtaireacht príomhchuspóirí seo a leanas an chreata a tugadh cothrom le dáta – deiseanna soghluaisteachta a éascú do réimse i bhfad níos leithne rannpháirtithe, soghluaisteacht ghlas agus dhigiteach a chothú agus soghluaisteacht chothrom a spreagadh. Cuireadh i dtábhacht sa Teachtaireacht freisin go bhfuil comhar idirnáisiúnta san oideachas agus san oiliúint, lena n-áirítear soghluaisteacht foghlama, fíor-riachtanach chun tosaíochtaí geopholaitiúla an Aontais agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 a bhaint amach.

Tá an togra beartais seo maidir le soghluaisteacht foghlama ina chuid den phacáiste maidir le hacmhainneacht na soghluaisteachta tallainne a uasmhéadú in éineacht leis an Moladh ón gCoimisiún maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí náisiúnach tríú tír agus togra reachtach maidir le Linn Tallann an Aontais Eorpaigh, lena gcuirtear an tAontas chun cinn mar cheann scríbe mealltach do dhaoine tréitheacha dul i mbun foghlama, staidéir agus oibre.

Tá sé d'aidhm ag Comhpháirtíochtaí Tallainne an comhar idir an tAontas, na Ballstáit agus na tíortha comhpháirtíochta a neartú agus soghluaisteacht idirnáisiúnta an lucht saothair agus forbairt na tallainne a threisiú ar bhealach comhthairbheach. Soláthraíonn siad struchtúr cobhsaí, solúbtha atá bunaithe ar bheartas lenar féidir comhar a chur chun cinn go héifeachtach freisin i réimse an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear maidir le soghluaisteacht foghlama d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne. Méadóidh siad feasacht an phobail agus cuirfidh siad feabhas ar shoghluaisteacht foghlama ó thríú tíortha. Tacóidh siad freisin le hiarrachtaí córais scileanna éifeachtacha a chruthú i dtríú tíortha agus, an tráth céanna, cuirfidh siad le lucht saothair an Aontais in earnálacha tosaíochta don aistriú glas agus don aistriú digiteach.

D'fhéadfadh soghluaisteacht foghlama mac léinn ó thríú tíortha cuidiú freisin le haitheantas níos tapúla a thabhairt dá gcáilíochtaí agus iad ag dul isteach i margadh saothair an Aontais. D'fhéadfadh sí cuidiú leis an mbearna idir cáilíochtaí a fuarthas i dtríú tíortha agus na ceanglais Eorpacha a dhúnadh trí dheimhnithe micridhintiúr, tras-scríbhinní agus doiciméid tacaíochta eile a sholáthar do rannpháirtithe lenar féidir cuidiú le meastóirí dintiúr a gcáilíochtaí a mheas go tapa agus go cruinn. Léireofar léi freisin na hinniúlachtaí teanga ábhartha, inoiriúnaitheacht chultúrtha, agus nochtadh do na caighdeáin oideachais Eorpacha lena bhféadfaí bailíochtú breise ar a dtorthaí foghlama a éascú.

Ina theannta sin, is féidir leis an tsoghluaisteacht foghlama, go háirithe malartuithe lena n-áirítear comhpháirteanna foghlama obairbhunaithe lena dtugtar taithí do rannpháirtithe ar an

3 Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Erasmus+, IO L 189, 28.05.2021.

4 IO C 199/1, 7.7.2011.

5 COM(2020) 625 final.

margadh saothair, a bheith ina gcéim aistir chun cinn do dhaoine aonair smaoineamh ar fhilleadh ar an Aontas agus deiseanna oibre a lorg. Mar obair leantach ar Mholadh 2017 ón gComhairle maidir le Céimithe a Rianú[6], tugtar tús áite d'uirlisí agus modhanna a fhorbairt chun foghlaim inchomparáide agus faisnéis a bhaineann le poist a mhalartú maidir le céimithe soghluaiste (a bhogann go tír eile san Aontas chun críocha staidéir nó oibre) faoi na gníomhaíochtaí a dhéanann an Líonra Eorpach um Rianú Céimithe, amhail suirbhé Eurograduate 2022.

- **Dúshláin nach mór aghaidh a thabhairt orthu leis an moladh atá beartaithe:**

Cé go bhfuil go leor bainte amach i réimse na soghluaisteachta foghlama ó Mholadh 2011 ón gComhairle 'An Óige ag gluaiseacht', léirítear le fianaise gur gá níos mó a dhéanamh chun deiseanna soghluaisteachta foghlama a chur ar fáil do gach duine, agus go háirithe do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu[7].

Léiríodh le suirbhé Eorabharaiméadair 2022 ar an Óige agus ar an Daonlathas i mBliain Eorpach na hÓige[8], nár ghlac ach 15 % de na freagróirí páirt i staidéar, in oiliúint nó i bprintíseacht i dtír eile de chuid an Aontais. Cuireadh i dtábhacht sa suirbhé céanna freisin gur cheap daoine óga go raibh feabhas ar oideachas agus ar oiliúint, lena n-áirítear saorghluaiseacht mac léinn, printíseach agus daltaí, sna trí réimse fócais ba mhó do Bhliain Eorpach na hÓige 2022. De réir shuirbhé Eorabharaiméadair 2023 maidir le daoine óga a lánpháirtiú i margadh an tsaothair agus béim ar leith á leagan ar chúrsaí oiliúna, thug 21 % de na freagróirí óga faoi cheann amháin ar a laghad dá dtréimhsí oiliúna i dtír eile de chuid an Aontais; ba iad na príomhbhacainní a luadh maidir le rochtain a fháil ar chúrsaí oiliúna trasteorann easpa acmhainní airgeadais agus faisnéis faoi na deiseanna sin.

In 2023, sainaithníodh leis an Scórchlár Soghluaisteachta[9] dea-fheidhmíocht i bhformhór na réimsí i Moladh 2011. Bhí an cás measctha do Bhallstáit aonair, áfach. Nochtadh tacaíocht shistéamach do rannpháirtíocht foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste[10] i soghluaisteacht foghlama mar an réimse a raibh gá le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ann.

Le paindéim COVID-19, cuireadh isteach ar oideachas, ar oiliúint agus ar fhoghlaim obairbhunaithe ar bhealach nach bhfacthas roimhe seo Bhí tionchar diúltach aige ar shoghluaisteacht fhisiceach agus ar shláinte mheabhrach agus ar shláinte choirp na bhfoghlaimeoirí agus na mball foirne araon[11]. Léiríodh leis an bpaindéim freisin neamhionannais dhoimhne maidir le rochtain a fháil ar dheiseanna ar líne, lena n-áirítear

---

6 IOC 423/1 an 09.12.2017.

7 I gcomhréir le Rialachán Erasmus+ (AE) 2021/817 agus chun críche an togra beartais seo, ciallaíonn 'daoine ar lú na deiseanna atá acu', daoine a mbíonn bacainní rompu lena gcuirtear cosc orthu rochtain éifeachtach a fháil ar dheiseanna soghluaisteachta foghlama ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, geografacha nó sláinte, mar gheall ar a gcúlra imirceach, nó ar chúiseanna amhail míchumas nó deacrachtaí oideachais, nó ar aon chúis eile, lena n-áirítear cúis a d'fhéadfadh a bheith mar bhun le hidirdhealú faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

8 Suirbhéanna Eorabharaiméadair: An Óige agus an Daonlathas i mBliain Eorpach na hÓige - Bealtaine 2022; Daoine óga a lánpháirtiú i margadh an tsaothair agus béim ar leith á leagan ar chúrsaí oiliúna – Aibreán 2023

9 Tháinig an Scórchlár Soghluaisteachta i bhfeidhm in 2016 agus é mar chuspóir leis faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Mholadh 2011 ón gComhairle i réimsí an ardoideachais agus an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna tosaigh. Nasc: https://national-policies.eacea.ec.europa.eu/mobility-scoreboard.

10 I Moladh 2011 ón gComhairle tugadh tuairisc ar fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste mar dhaoine a bhféadfadh sé nach bhfuil deiseanna soghluaisteachta foghlama á bhfáil acu.

11 An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint Nasc: https://op.europa.eu/webpub/eac/education-and-training-monitor-2021/en/

gníomhaíochtaí oideachais, do leanaí[12]. An tráth céanna, tá forbairt thapa ar phatrúin nua soghluaisteachta foghlama amhail soghluaisteacht chumaisc agus malartuithe fíorúla tagtha as. Bhí tionchar mór freisin ar earnáil na hoibre óige, mar a léiríodh i dTuarascáil an Aontais Eorpaigh ar an Óige 2021, agus méadaíodh leis an bpaindéim an gá le hacmhainní, lena n-áirítear le haghaidh obair dhigiteach don óige, chun tacú le soghluaisteacht foghlama, forbairt, rannpháirtíocht agus sláinte daoine óga.

Fianaise lena n-áirítear an staidéar a rinne an Coimisiún 'Supporting learning mobility:progress, obstacles and way forward'[13] [Tacú le soghluaisteacht foghlama: dul chun cinn, bacainní agus an bealach chun cinn], toradh an ghlao ar fhianaise agus comhairliúchán poiblí, cuireadh i dtábhacht na príomhbhacainní ar shoghluaisteacht foghlama, lena n-áirítear srianta airgeadais agus sóisialta, easpa faisnéise agus treorach, bacainní teanga agus inrochtaineachta, agus bacainní riaracháin. Bacainn thábhachtach eile lena gcuirtear bac ar shoghluaisteacht is ea méid teoranta an uathaitheantais ar cháilíochtaí agus ar thorthaí tréimhsí foghlama thar lear, toisc go mbíonn nósanna imeachta aitheantais mall go minic, nach mbíonn faisnéis ar fáil go héasca, agus go bhfágtar faoi rogha na n-institiúidí aonair iad.

In 2022, sa Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa, chuir saoránaigh Eorpacha i dtábhacht ina dtograí maidir le beartais a bheidh ann amach anseo an gá don Aontas agus dá Bhallstáit deiseanna soghluaisteachta a chur chun cinn: '*Malartuithe Eorpacha i réimsí éagsúla a chur chun cinn, go fisiceach agus go digiteach araon, lena n-áirítear malartuithe oideachais, nascadh, taisteal agus soghluaisteacht ghairmiúil (lena n-áirítear do mhúinteoirí agus do pholaiteoirí tofa áitiúla)* agus '*Limistéar Oideachais Eorpach cuimsitheach a bhunú faoi 2025 ina mbeidh rochtain chomhionann ag na saoránaigh uile ar oideachas ar ardchaighdeán agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear iad siúd i limistéir thuaithe agus i limistéir iargúlta*'[14]. De réir na moltaí, ba cheart malartuithe den sórt sin a chur ar fáil ar fud na mBallstát do chách, gan beann ar a n-aois, ar a leibhéal oideachais, ar a gcúlra agus ná ar a n-acmhainn airgeadais. Iarradh sna tograí freisin cláir shoghluaisteachta an Aontais atá ann cheana a neartú agus rochtain éagsúil orthu a áirithiú. Le ceann de na moltaí, rinneadh an tAontas Eorpach a spreagadh go sonrach chun gníomhaíochtaí spóirt a chur san áireamh i gcláir mhalartaithe agus shoghluaisteachta ar leibhéal an Aontais.

In 2023 sholáthair an Painéal Saoránach Eorpach ar shoghluaisteacht foghlama 21 mholadh[15] maidir le rannpháirtíocht níos forleithne agus níos éagsúla i gclár Erasmus+ agus i scéimeanna soghluaisteachta foghlama eile a éascú. Díríodh na moltaí ar sholáthar spriocdhírithe faisnéise, ar chuimsiú daoine aonair de gach aois agus de gach cúlra, ar thábhacht an ilteangachais, ar shoghluaisteacht foghlama fostaithe, agus ar ghnéithe eile den tsoghluaisteacht foghlama, lena n-áirítear aitheantas a thabhairt do ról na n-oideoirí maidir le soghluaisteacht foghlama agus soghluaisteacht níos glaise a eagrú.
D'fhéadfaí ganntanais scileanna a laghdú le soghluaisteacht foghlama trí fheabhas a chur ar infhostaitheacht na rannpháirtithe, a n-inniúlachtaí trasnaí a fhorbairt agus cur le meaitseáil

[12] An dóigh ar déileáil teaghlaigh le cianscolaíocht éigeandála le linn dhianghlasáil COVID-19 in earrach 2020, 2020, JRC agus Eurostat. Suirbhé ar úsáid TFC i dteaghlaigh agus ag daoine aonair [isoc_i, ci_in_h], 2019

[13] Ardán foilseachán an Aontais, nasc : https://op.europa.eu

[14] Ag an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa tháinig 800 saoránach le chéile a roghnaíodh go randamach in 2021-2022 chun moltaí a thabhairt maidir le beartais amach anseo https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/new-push-european-democracy/conference-future-europe_en#final-reports-and-proposals

[15] Thug an Painéal Saoránach Eorpach ar shoghluaisteacht foghlama páirt do 150 saoránach a roghnaíodh go randamach ó gach aoisghrúpa agus ó chúlraí éagsúla i bplé i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2023. Nasc leis na moltaí deiridh: https://citizens.ec.europa.eu/learning-mobility-panel_ga.

scileanna níos fearr. Mar an gcéanna, má bhíonn ceann scríbe foghlama soghluaisteachta mealltach, féadfar rochtain na bhfostóirí áitiúla ar an lucht saothair a mhéadú. I láthair na huaire, deir trí cheathrú (74 %) de FBManna san Eoraip go bhfuil ganntanais scileanna i ndán dóibh le haghaidh ról poist amháin ar a laghad ina gcuideachta faoi láthair. Chomh maith leis sin, léirigh beagnach 4 as 5 chuideachta sa suirbhé go mbíonn sé deacair dóibh de ghnáth oibrithe a bhfuil na scileanna cearta acu a aimsiú, agus bíonn sé deacair do níos mó ná leath acu (53 %) oibrithe oilte a choinneáil[16].

- **Cuspóirí an togra**

Is é is aidhm don togra beartais seo deiseanna do shoghluaisteacht foghlama a mhéadú do chách trí ghníomhaíocht na mBallstát agus an Choimisiúin. Is é an uaillmhian atá leis aistriú de réir a chéile ionas go mbeidh an tsoghluaisteacht foghlama sa Limistéar Eorpach Oideachais ina gnáthrud seachas ina heisceacht.

Chun an tsoghluaisteacht foghlama a threisiú agus chun í a dhéanamh níos cuimsithí, mhol an Coimisiún spriocanna nua ar leibhéal an Aontais a bhunú agus oibriú chun iad a bhaint amach faoi 2030:

– San ardoideachas, ba cheart go mbeadh 25 % ar a laghad i gceist le sciar na gcéimithe a mbeidh eispéireas soghluaisteachta foghlama acu;

– Sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, ba cheart go mbeadh 15 % ar a laghad i gceist le sciar na bhfoghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna á mbeidh tairbhe á baint acu as soghluaisteacht foghlama thar lear;

– I ngach córas oideachais agus oiliúna, agus i ngach córas óige agus spóirt, ba cheart go mbeadh 20 % ar a laghad de líon na ndaoine ar lú na deiseanna atá acu i measc líon na bhfoghlaimeoirí go léir a mbeidh tairbhe á baint acu as soghluaisteacht foghlama thar lear.

Is é is aidhm don togra freisin borradh sonrach a chur faoi shoghluaisteacht foghlama do mhúinteoirí agus do phrintísigh trí chreataí beartais tiomnaithe, mar a leagtar amach sna hiarscríbhinní. Is eiseamláirí tábhachtacha iad múinteoirí ag a bhfuil taithí soghluaisteachta foghlama d'fhoghlaimeoirí agus do phríomhthionscnóirí na soghluaisteachta foghlama i scoileanna. Maidir leis na múinteoirí féin, d'fhéadfaí buntáistí móra a sholáthar leis an tsoghluaisteacht foghlama a bhaineann le heispéiris foghlama chultúrtha, chognaíocha agus phearsanta a chruthú, chomh maith le heolas agus scileanna chun malartú dea-chleachtas a chothú. Le deiseanna do shoghluaisteacht foghlama, méadaítear mealltacht ghairm na múinteoireachta freisin agus is féidir leo cuidiú le múinteoirí a mhealladh chuig scoileanna agus a choinneáil i scoileanna. Cuideoidh soghluaisteacht mhéadaithe na bprintíseach le dul i ngleic le bearnaí scileanna, tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus infhostaitheacht daoine óga a mhéadú. Tá sraith sonrach bacainní roimh phrintísigh amhail castacht na n-oibleagáidí dlíthiúla a bhaineann le stádas an phrintísigh, aois óg na bprintíseach féin, éagsúlacht na scéimeanna náisiúnta printíseachta agus curaclaim le comhlíonadh le linn an mhalartaithe soghluaisteachta agus an drogall atá ar fhostóirí dul i mbun soghluaisteacht foghlama mar gheall ar an riosca go gcaillfear táirgiúlacht. Is é is aidhm don mholadh creat beartais comhleanúnach a sholáthar lena n-áirítear tograí le haghaidh athruithe incriminteacha gearrthéarmacha agus gnéithe de straitéis fhadtéarmach chuimsitheach.

[16] Flash Eurobarometer FL529: Bliain Eorpach na Scileanna - Ganntanais scileanna, straitéisí earcaíochta agus coinneála i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide; nasc: https://data.europa.eu/data/datasets/s2994_fl529_eng?locale=ga

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tógann an togra ar na forálacha beartais atá ann cheana lena n-éascaítear soghluaisteacht foghlama agus lena dtacaítear leis agus comhlánaítear na forálacha sin leis an togra. Seo a leanas na cinn is ábhartha:

Sa Rún ón gComhairle an 18 Feabhra 2021 maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide i gcéin (2021-2030)[17] , leagtar amach foghlaim ar feadh an tsaoil agus an tsoghluaisteacht a chur i gcrích do chách mar cheann dá thosaíochtaí straitéiseacha. Rún ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais: ag féachaint go 2025 agus ina dhiaidh sin[18], cuireadh i dtábhacht go bhfuil sé ríthábhachtach na bacainní atá fágtha ar shoghluaisteacht foghlama agus teagaisc a shainaithint agus fáil réidh leo chun an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach go hiomlán.

Leagtar síos sa chéad phrionsabal i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta[19] go bhfuil an ceart ag gach duine chun oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá cuimsitheach agus ar ardchaighdeán a fháil chun scileanna a choinneáil agus a fháil, scileanna a chuirfidh ar a gcumas do dhaoine a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus aistrithe sa mhargadh saothair a bhainistiú go rathúil, ar fud an Aontais Eorpaigh.

Seoladh Bliain Eorpach na Scileanna[20] an 9 Bealtaine 2023 agus mhair sé go dtí an 8 Bealtaine 2024, d'fhonn beartais agus infheistíochtaí scileanna a chur chun cinn chun teacht le mianta, riachtanais agus tacar scileanna daoine, lena n-áirítear na scileanna arna sealbhú le linn na soghluaisteachta, le riachtanais agus deiseanna an mhargaidh saothair.

I Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027[21], cuireadh i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le soghluaisteacht foghlama do dhaoine óga chun taithí a fháil ar mhalartuithe, ar chomhar, ar ghníomhaíocht chultúrtha agus ar ghníomhaíocht shibhialta sa chomhthéacs Eorpach. Sa Rún ón gComhairle maidir leis an gCreat chun Clár Oibre Eorpach don Obair Óige a bhunú[22] , iarradh go gcuirfí an ghné Eorpach den obair óige chun cinn trí mhalartú trasteorann agus trasnáisiúnta, trí chomhar, trí fhoghlaim idirchultúrtha agus trí phiarfhoghlaim.

Sa Mholadh ón gComhairle an 20 Nollaig 2012 maidir le bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla[23] agus neamhfhoirmiúla agus i dtreoirlínte Eorpacha 2023 maidir le bailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla[24], cuireadh i dtábhacht gur féidir ról tábhachtach a bheith ag bailíochtú na dtorthaí foghlama a fhaightear trí fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil maidir le hinfhostaitheacht agus soghluaisteacht foghlama a fheabhsú, go háirithe i gcás na ndaoine faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch nó na ndaoine ar bheagán cáilíochtaí.

---

17 IO C 66, 26.02.2021, lgh. 1-21.
18 C185, 26. 05.2023, lgh. 35-38.
19 https://op.europa.eu/webpub/empl/european-pillar-of-social-rights/en/
20 https://year-of-skills.europa.eu/index_en
21 Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019-2027, IO C 456, 18.12.2018, lch. 1-22
22 IO C 415, 1.12.2020, lgh. 1-8.
23 IO C 398, 22.12.2012, lgh. 1-5.
24 Cedefop (2023). Treoirlínte Eorpacha chun foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a bhailíochtú. Lucsamburg: Oifig na bhFoilseachán. Sraith thagartha Cedefop; Uimh. 124. http://data.europa.eu/doi/10.2801/389827

Cumhdaítear leis an Moladh ón gComhairle maidir le Creat Cáilíochta do Chúrsaí Oiliúna an 10 Márta 2014[25] cúrsaí oiliúna lasmuigh den oideachas foirmiúil agus den oiliúint fhoirmiúil, lena n-áirítear cúrsaí oiliúna trasteorann. Tá an Coimisiún ag obair faoi láthair chun an creat sin a thabhairt cothrom le dáta.

I measc na gcuspóirí níos leithne atá ag an Moladh ón gComhairle maidir leis an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil an 22 Bealtaine 2017[26], tá an cuspóir soghluaisteacht agus lánpháirtiú sóisialta oibrithe agus foghlaimeoirí a mhéadú.

Sa Mholadh ón gComhairle an 15 Márta 2018 maidir le Creat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha[27], leagadh síos 14 chritéar maidir le comhthuiscint ar chórais náisiúnta phrintíseachta a chur chun cinn, arb é sin príomhthoisc maidir le muinín fhrithpháirteach a mhéadú agus soghluaisteacht thrasnáisiúnta printíseach a éascú. Spreagtar leis an moladh soghluaisteacht thrasnáisiúnta printíseach a chur chun cinn de réir a chéile, san ionad oibre nó in institiúidí oideachais agus oiliúna, mar chuid den cháilíocht phrintíseachta. Cothaítear soghluaisteacht na bprintíseach leis an gComhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí freisin.

Le Cinneadh Europass an 18 Aibreán 2018, bunaíodh creat Eorpach chun tacú le trédhearcacht agus le tuiscint na scileanna agus na gcáilíochtaí a shealbhaítear i suíomhanna foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, lena n-áirítear trí shoghluaisteacht, trí ardán ar líne ar a gcuirfear ar fáil uirlisí gréasánbhunaithe agus faisnéis maidir le seirbhísí lena gcuirtear ar fáil treoir maidir le soghluaisteacht foghlama trasnáisiúnta agus bainistiú gairme.

Sa Mholadh ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch do cháilíochtaí ardoideachais agus oideachais meánscoile uachtaraí agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear a chur chun cinn[28], cuireadh i dtábhacht an tábhacht a bhaineann le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí Eorpacha agus do thréimhsí foghlama thar lear san ardoideachas agus san oideachas meánscoile uachtaraí gan aon nós imeachta aitheantais ar leith. Cuirtear i dtábhacht sa Tuarascáil um Chur Chun Feidhme[29] chomh maith leis na conclúidí gaolmhara ón gComhairle, a glacadh an 26 Bealtaine 2023[30], go bhfuil gá le hiarrachtaí substaintiúla breise chun uathaitheantas a fhíorú san Aontas Eorpach.

Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2019 maidir le cur chuige cuimsitheach i leith teagasc agus foghlaim teangacha[31] atá dírithe ar fhoghlaim teangacha ó aois óg a fheabhsú agus ar 'fheasacht teanga' a chothú i scoileanna agus in institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna ionas go labhróidh níos mó daoine óga ar a laghad dhá theanga Eorpacha sa bhreis ar a máthairtheanga.

Sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020 maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025[32] cuireadh i dtábhacht gur chuir cláir mhalartaithe an Aontais agus comhar idirnáisiúnta oideachais le ceann scríbe tarraingteach a dhéanamh den Eoraip, rud a chuir borradh faoin nuálaíocht agus faoi chruthú post.

---

[25] IO C 88, 27.3.2014, lch. 1-4.
[26] IO C 189, 15.6.2017, lgh. 15-28.
[27] IO C 153, 2.5.2018, lgh. 1-6.
[28] IO C 444, 10.12.2018, lgh. 1-8.
[29] COM/2023/91 final
[30] IO C 185, 26.5.2023, lch. 44– 50
[31] IO C 189, 5.6.2019, lgh. 15-22.
[32] COM(2020) 625 final.

Sa Mholadh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint ar mhaithe le hiomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht[33], tugadh isteach sprioc nua ar leibhéal an Aontais go mbeadh 8 % d'fhoghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna ag baint tairbhe as soghluaisteacht foghlama thar lear faoi 2025. Cuireadh i dtábhacht sa Mholadh an tábhacht a bhaineann le deiseanna soghluaisteachta d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne in earnáil an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, agus d'eagraíochtaí mar bhealach tábhachtach chun straitéisí idirnáisiúnaithe a chur i bhfeidhm. I nDearbhú Osnabrück arna[34] fhormhuiniú ag airí atá i gceannas ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint, ag Comhpháirtithe Sóisialta na hEorpa agus ag an gCoimisiún, iarradh ar údaráis náisiúnta tacú le soghluaisteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus foghlaimeoirí fásta agus í a éascú, lena n-áirítear printísigh.

Áirítear i gClár Oibre na mBalcán Thiar maidir le Nuálaíocht, Taighde, Oideachas, Cultúr, an Óige agus Spórt, straitéis chomhair fhadtéarmach chuimsitheach de chuid an Aontais agus na mBalcán Thiar, a seoladh ag Cruinniú Mullaigh Brdo an Aontais-na mBalcán Thiar an 6 Deireadh Fómhair 2021, cuspóir chun soghluaisteacht foghlama a fheabhsú.

Áirítear leis an straitéis Eorpach d'ollscoileanna[35] an 18 Eanáir 2022 cuspóirí chun Córas Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta agus um Aitheantas a fhorbairt chun uathaitheantas cáilíochtaí ar fud na hEorpa a spreagadh, agus chun tacú le haitheantas trédhearcach cóir do cháilíochtaí tríú tíortha, lena n-áirítear cáilíochtaí dídeanaithe, tríd an líonra ionad um aitheantas acadúil[36] agus uirlisí trédhearcachta an Aontais – an Creat Eorpach um Cháilíochtaí agus Dintiúir Dhigiteacha Eorpacha don Fhoghlaim.

Sa Mholadh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le naisc a chothú le haghaidh comhar Eorpach éifeachtach san ardoideachas, beartaítear comhar trasnáisiúnta sistéamach agus marthanach a threisiú ar an leibhéal institiúideach, lena n-áirítear trí lipéad comhchéime Eorpach agus ionstraimí comhair institiúidithe a fhorbairt amhail stádas dlíthiúil Eorpach féideartha do chomhghuaillíochtaí institiúidí ardoideachais.

Sna conclúidí ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le soghluaisteacht múinteoirí agus oiliúnóirí a fheabhsú[37], iarrtar go gcuirfear chun cinn agus go leathnófar an tsoghluaisteacht do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí chun go mbeidh sí ina gné choiteann ina n-oiliúint agus ina ngairm. Déanann Acadaimh Múinteoirí Erasmus+, le tacaíocht ó chlár Erasmus+ 2021-2027, tástáil freisin ar bhearta nua lena dtacaítear le soghluaisteacht múinteoirí agus lena n-éascaítear foghlaim fhrithpháirteach i measc múinteoirí agus oideoirí múinteoirí trí líonraí trasnáisiúnta, trí phobail chleachtais agus trí chláir chomhpháirteacha idir institiúidí oideachais múinteoirí.

Is é is aidhm don Mholadh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh[38] obair dheonach thrasnáisiúnta níos fearr don aos

---

33 IO C 417, 2.12.2020, lgh. 1-16.

34 Dearbhú Osnabruck maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint mar chumasóir téarnaimh agus aistrithe córa chuig geilleagair dhigiteacha agus ghlasa, arna fhormhuiniú an 30 Samhain 2020. Nasc : https://www.cedefop.europa.eu/en/content/osnabruck-declaration-2020-vocational-education-and-training-enabler-recovery-and-just-transitions

35 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Eorpach le haghaidh ollscoileanna, COM(2022) 16 final.

36 Líonra comhpháirteach Líonra Eorpach na Lárionad Náisiúnta Faisnéise sa Réigiún Eorpach agus na Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil san Aontas Eorpach (ENIC-NARIC).

37 IO C 167, 21.4.2022, lgh. 2-8.

38 IO C 157, 11.4.2022, lgh. 1-9.

óg san Aontas a éascú. Cuirtear i dtábhacht ann an tábhacht a bhaineann le cuimsitheacht, cáilíocht, aitheantas agus inbhuanaitheacht shaorálaíocht thrasnáisiúnta na hóige.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Nascann soghluaisteacht foghlama a dtacaítear léi ar leibhéal an Aontais le réimsí beartais ábhartha eile amhail oideachas agus oiliúint, fostaíocht, saoránacht agus rannpháirtíocht dhaonlathach, cuimsiú sóisialta, neamh-idirdhealú, imirce dhlíthiúil agus lánpháirtiú, foghlaim teangacha, cruthaitheacht agus cultúr, gníomhú ar son na haeráide, agus digitiú.

Chomh maith le cur leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach, tacaíonn an togra le cur chun feidhme an Chláir Oibre Scileanna don Eoraip, lena bhféachtar le haghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna agus uas-sciliú agus athsciliú agus straitéis an Aontais a chur chun cinn maidir le cearta an linbh, lena n-aithnítear ceart leanaí an tús saoil is fearr agus is féidir a bheith acu agus lena lánacmhainneacht a fhorbairt agus lena n-iarrtar níos mó iarrachtaí chun oideachas cuimsitheach, neamh-chomhiomlánaithe agus ardchaighdeáin a ráthú[39]. Tacaíonn sé freisin leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach, arb é is aidhm dó leas a bhaint as acmhainneacht teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh foghlama agus teagaisc. Leagtar síos sa chéad phrionsabal i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta[40] go bhfuil an ceart ag gach duine chun oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá cuimsitheach agus ar ardchaighdeán a fháil chun scileanna a choinneáil agus a fháil, scileanna a chuirfidh ar a gcumas do dhaoine a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus aistrithe sa mhargadh saothair a bhainistiú go rathúil, ar fud an Aontais Eorpaigh. Tá an togra ag teacht freisin le beartais agus tionscnaimh an Aontais a dhírítear ar shoghluaisteacht a chur chun cinn amhail an Clár Oibre Eorpach um Scileanna agus na cinn lena gcuirtear chun cinn an t-ilteangachas agus an t-idirphlé idirchultúrtha chun cinn, lena n-áirítear Straitéis an Aontais maidir leis an Ilteangachas. Trí shoghluaisteacht foghlama a chur chun cinn, spreagtar leis an togra daoine aonair chun a gcuid scileanna teanga, feasacht chultúrtha, agus inniúlachtaí idirchultúrtha a fhorbairt.

Tacaíonn go leor clár agus ionstraimí de chuid an Aontais le soghluaisteacht foghlama, go háirithe:

- cuireann an clár Erasmus+ deiseanna soghluaisteachta foghlama trasnáisiúnta agus idirnáisiúnta ar fáil d’fhoghlaimeoirí d'aon aois, do bhaill foirne oideachais agus oiliúna, d’oibrithe óige, agus do ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta óige éagsúla;
- cuireann an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach deiseanna ar fáil do dhaoine óga chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí saorálaíochta agus dlúthpháirtíochta ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin, agus i ngníomhaíochtaí a bhaineann le cabhair dhaonnúil ar fud an domhain;
- tacaíonn Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) leis na Ballstáit agus leis na réigiúin lena n-iarrachtaí rochtain chomhionann ar dheiseanna cuimsitheacha neamh-chomhiomlánaithe oideachais, oiliúna agus forbartha scileanna a áirithiú ó oideachas na luath-óige go dtí an leibhéal treasach. Trí ghairmoideachas agus gairmoiliúint ghinearálta a chur chun cinn, chomh maith le hoideachas agus foghlaim aosach, cuidíonn na cistí sin freisin le hinrochtaineacht agus cuimsiú a éascú do dhaoine faoi mhíchumas, rud a éascaíonn

[39] COM(2021) 142 final. Cuirtear i dtábhacht i Straitéis an Aontais maidir le cearta an linbh go bhfuil níos mó ná 22 % de leanaí san Aontas i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta, go bhfágann thart ar 10 % de dhaoine óga san Aontas Eorpach an t-oideachas go luath.

[40] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32017C1213%2801%29 .

soghluaisteacht foghlama do chách. Tá an tionscnamh ALMA (Aimsigh, Foghlaim, Máistir, Gnóthaigh) á mhaoiniú ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus agus tá sé d'aidhm aige cuidiú le daoine óga faoi mhíbhuntáiste nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna (NEETanna) imeascadh sa tsochaí trína mbealach ar ais chuig oideachas, oiliúint nó fostaíocht a éascú. Leis an tionscnamh, cuirtear taithí oibre 2-6 mhí ar fáil do rannpháirtithe i mBallstát eile, mar chuid de thimthriall tionscadal cuimsitheach lena n-áirítear oiliúint, cóitseáil agus comhairleoireacht.

- Tugtar aghaidh le Interreg ar bhacainní teorann é san áireamh ar shoghluaisteacht foghlama agus tugtar deis leis d'údaráis náisiúnta agus réigiúnacha chomh maith le hinstitiúidí oideachais agus oiliúna comhoibriú chun scileanna a fhorbairt, go háirithe daoine óga.
- Leis an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla, cuirtear saineolas saincheaptha ar fáil do na Ballstáit, arna iarraidh sin orthu, chun soghluaisteacht foghlama a athchóiriú agus a fheabhsú, go háirithe trí thionscnaimh shuaitheanta lena ndírítear ar mhealladh tallainne, ar oideachas don aos óg agus ar scileanna don aos óg. Ina theannta sin, leis an tionscnamh suaitheanta 'Malartú Comhair Riaracháin Phoiblí' (PACE), cuirtear chun cinn comhar agus malartuithe trasteorann státseirbhíseach i measc na mBallstát chun a scileanna agus a gcumas riaracháin a neartú, é san áireamh i réimse an oideachais.
- Leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, sainaithnítear soghluaisteacht foghlama idir an tAontas agus tíortha comhpháirtíochta mar cheann de na príomhbhealaí chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht, chun neamhionannais agus idirdhealú a chomhrac, agus chun forbairt an duine a chur chun cinn.
- Sainaithnítear leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III), faoin rialachán, go n-áiritheofar deiseanna chun cur le forbairt shocheacnamaíoch na dtíortha i bpróiseas aontachais do bhallraíocht an Aontais, agus béim ar leith ar an aos óg.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an Moladh beartaithe ón gComhairle bunaithe ar Airteagail 165 agus 166 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

De réir Airteagal 165(1) CFAE, 'rannchuideoidh an tAontas le hoideachas de chaighdeán a fhorbairt tríd an gcomhar idir Ballstáit a chothú agus, más gá, trí thacú lena ngníomhaíocht agus í a fhorlíonadh, agus freagracht na mBallstát i leith eagrúcháninneachar an teagaisc agus eagrúchán an chórais oideachais... [á urramú] aige'.

Is é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais faoin dara, faoin tríú, faoin gcúigiú agus faoin séú fleasc d'Airteagal 165(2) CFAE:

– taobhú le soghluaisteacht mac léinn agus múinteoirí, lena n-áirítear aitheantas acadúil dioplómaí agus tréimhsí staidéir i measc eile a spreagadh;

– comhar a chur ar aghaidh idir bunaíochtaí oideachais;

– taobhú le malartuithe idir daoine óga agus idir teagascóirí sochoideachasúla a fhorbairt agus rannpháirtíocht na hóige i saol daonlathach na hEorpa a chothú;

– forbairt an chianoideachais a chothú.

Foráiltear leis an dara fleasc d'Airteagal 165(4) CFAE go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, moltaí chun tacú leis na cuspóirí dá dtagraítear san Airteagal seo a bhaint amach.

De réir Airteagal 166(1) CFAE, cuirfidh an tAontas beartas gairmoiliúna chun feidhme chun tacu le gníomhaíochtaí na mBallstát agus a fhorlíonfaidh iad, agus freagracht na mBallstát i leith ábhar agus eagrú na gairmoiliúna á hurramú go hiomlán aige.

Is é is aidhm do ghníomhaíocht an Aontais faoin tríú fleasc d'Airteagal 166(2) CFAE:

– 'rochtain ar an ngairmoiliúint a éascú agus taobhú le soghluaisteacht oidí agus daoine faoi oiliúint, go háirithe daoine óga';

Foráiltear leis an gcuid dheireanach de mhír 4 d'Airteagal 166 CFAE go nglacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, moltaí chun tacú leis na cuspóirí dá dtagraítear san Airteagal seo a bhaint amach.

Ní bheartaítear leis an tionscnamh aon síneadh a chur le cumhacht rialála an Aontais ná leis na gealltanais cheangailteacha atá ar na Ballstáit. Cinnfidh na Ballstáit, de réir a gcúinsí náisiúnta, an chaoi a gcuirfidh siad an moladh seo ón gComhairle chun feidhme.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra seo i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta arna leagan amach in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

De bhun Airteagal 165(1) agus Airteagal 166(1) CFAE, faoi seach, tá na Ballstáit freagrach as ábhar an teagaisc agus eagrú a gcóras oideachais agus gairmoiliúna. San am céanna, léirítear leis an bhfianaise nach mór dóibh aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna coiteanna a bhaineann le torthaí oideachais agus le folláine ar scoil.

Leis an moladh sin ón gComhairle, urramófar go hiomlán an fhreagracht atá ar na Ballstáit i leith ábhar an teagaisc agus eagrú na gcóras oideachais agus gairmoiliúna, chomh maith lena n-éagsúlacht chultúrtha agus teanga. Ag an am céanna, léireofar leis an moladh ról forlíontach agus tacaíochta an Aontais agus cineál deonach an chomhair Eorpaigh i réimse an oideachais agus na hoiliúna. I gcomhthéacs an Limistéir Eorpaigh Oideachais, tacóidh an tionscnamh le hiarrachtaí na mBallstát beartais agus sásraí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, de réir mar is iomchuí dá gcórais agus dá struchtúir náisiúnta.

Ní bheartaítear leis an tionscnamh aon síneadh a chur le cumhacht rialála an Aontais ná leis na gealltanais cheangailteacha atá ar na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 165(4) agus Airteagal 166(4), lena n-eisiatar comhchuibhiú dhlíthe agus rialacháin na mBallstát i réimse an oideachais agus na gairmoiliúna, faoi seach. Baineann a bhreisluach Eorpach go príomha le cumas an Aontais rannpháirtíocht pholaitiúil a shlógadh ar an leibhéal náisiúnta agus tacú le córais oideachais agus oiliúna trí threoirlínte beartais, uirlisí coiteanna agus ionstraimí (Erasmus+, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Ciste Sóisialta na hEorpa+, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Clár don Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach, an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, etc.), agus an choimhdeacht á hurramú go hiomlán.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra sin prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach in Airteagal (4) CAE.

Ní mó ábhar ná foirm an mholta seo ón gComhairle atá beartaithe ná an méid is gá chun a chuspóirí a bhaint amach. Is ar bhonn deonach a dhéanfaidh na Ballstáit na gealltanais agus tá na Ballstát faoi shaoirse cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcur chuige a úsáidfidh sé.

- **An rogha ionstraime**

Chun tacú leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 165 agus 166 CFAE a bhaint amach, déantar foráil leis an gConradh sin go nglacfaidh an Chomhairle moltaí ar bhonn togra ón gCoimisiún.

Is ionstraim iomchuí é moladh ón gComhairle laistigh de réimse an oideachais agus na hoiliúna, réimse ina bhfuil inniúlacht tacaíochta ag an Aontas, agus is ionstraim é a úsáidtear go minic le haghaidh ghníomhaíocht an Aontais sna réimsí sin. Mar ionstraim dlí, léirítear leis tiomantas na mBallstát do na bearta atá curtha i láthair ann agus soláthraítear leis bonn polaitiúil níos láidre le haghaidh comhar sa réimse sin, agus údarás na mBallstát i réimse an oideachais agus na hoiliúna á urramú go hiomlán an tráth céanna.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Cuireadh an Scórchlár Soghluaisteachta ar bun chun obair leantach a dhéanamh ar Mholadh 2011 ón gComhairle ‘An Óige ag Gluaiseacht’, lena soláthraítear creat chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag na tíortha Eorpacha maidir le tacú leis an tsoghluaisteacht foghlama. Cuimsítear ann táscairí scórchláir i réimse an ardoideachais agus an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna tosaigh. Tógann an togra ar shonraí cáilíochtúla maidir le soghluaisteacht foghlama arna soláthar ag an Scórchlár Soghluaisteachta.

- **Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus bailiú saineolais**

Tá an togra bunaithe ar ionchur a bailíodh le linn próiseas fairsing comhairliúcháin. Áiríodh leis sin:

– comhairliúchán poiblí oscailte 12 seachtaine maidir leis an tionscnamh nua, a bheidh ar siúl ón 8 Feabhra go dtí an 3 Bealtaine 2023;

– Painéal Saoránach Eorpach ar Shoghluaisteacht Foghlama le 150 saoránach a roghnaíodh go randamach ó na 27 mBallstát go léir a rinneadh thar thrí dheireadh seachtaine i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2023; cuirtear i gceangal leis an togra seo tuarascáil ó na saoránaigh ina bhfuil moltaí, plé agus cíoradh ón bpainéal saoránach maidir le soghluaisteacht foghlama.

– sraith fócasghrúpaí ina raibh foghlaimeoirí, baill foirne, páirtithe leasmhara ábhartha, agus saineolaithe sa réimse;

– sraith comhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear ag imeachtaí ar mhórscála; agus

– cruinnithe éagsúla den ghrúpa stiúrtha, cruinnithe den ghrúpa saineolaithe, agus éisteachtaí le comhpháirtithe sóisialta.

Tá an togra bunaithe freisin ar staidéar a rinne an Grúpa PPMI in 2023 'Ag tacú le soghluaisteacht foghlama: dul chun cinn, bacainní agus an bealach chun cinn'[41] lena n-áirítear forbhreathnú ar phríomhfhorbairt ó moladh 2011 ón gComhairle, agus treochtaí maidir le soghluaisteacht foghlama.

- **Measúnú tionchair**

I bhfianaise chur chuige comhlántach na ngníomhaíochtaí maidir le tionscnaimh na mBallstát, cineál deonach na ngníomhaíochtaí atá beartaithe agus raon feidhme an tionchair a mheastar a bheidh ann, ní dhearnadh measúnú tionchair. Bhí ullmhú an togra bunaithe ar staidéir roimhe seo[42], ar chomhairliúchán leis na Ballstáit, ar chomhairliúcháin spriocdhírithe agus ar an gcomhairliúchán poiblí.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

- **Cearta bunúsacha**

Tá an togra seo le haghaidh moladh ón gComhairle ag teacht leis na cearta agus na prionsabail bhunúsacha a aithnítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais, lena n-aithnítear go bhfuil an dlúthpháirtíocht ar cheann de na luachanna uilíocha ar a bhfuil an tAontas fothaithe. Go háirithe, cuirtear an méid seo a leanas san áireamh sa togra seo:

- Airteagal 8 (an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a chosaint);
- Airteagal 13 (saoirse acadúil);
- Airteagal 14 (an ceart chun oideachais);
- Airteagal 21 (an ceart chun neamh-idirdhealú);
- Airteagal 24 (cearta an linbh);
- Airteagal 26 (daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú).

Déanfar na bearta i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679[43] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh gá le haon acmhainn bhreise ó bhuiséad an Aontais le haghaidh an tionscnaimh seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Chun tacú leis an gcur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na pleananna gníomhaíochta náisiúnta atá le forbairt ag na Ballstáit do 2025-2030 agus dréachtóidh sé tuarascáil forléargais in 2026.

[41] Ardán foilseachán an Aontais, nasc : https://op.europa.eu
[42] Tá na tagairtí iomlána ar fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre.
[43] *IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88*.

Tá rún ag an gCoimisiún tuairisciú a thabhairt ar chur chun feidhme an mholta i gcomhthéacs an chreata straitéisigh maidir le comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide i gcéin.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Soláthraítear leis an togra beartais creat cuimsitheach maidir leis na coinníollacha cumasúcháin do shoghluaisteacht foghlama a neartú, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus dreasachtaí a sholáthar. Is é is aidhm dó cuid dhílis de gach conair oideachais agus oiliúna a dhéanamh den tsoghluaisteacht foghlama, foghlaim teanga a neartú agus bogadh i dtreo aitheantas uathoibríoch laistigh den Aontas do thorthaí na tréimhse foghlama thar lear. Is é is aidhm dó freisin soghluaisteacht foghlama a dhéanamh níos cuimsithí agus níos inrochtana trína iarraidh ar na Ballstáit beart breise a dhéanamh maidir le treoir, maoiniú iomchuí agus tacaíocht eile a sholáthar do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu acu. Is é is aidhm don togra freisin soghluaisteacht na foghlama a dhéanamh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun í a éascú agus luachanna an Aontais a chur chun cinn. Is é is aidhm don togra freisin comhar feabhsaithe le tríú tíortha tábhachtacha a éascú mar a fhoráiltear sa tionscnamh um Chomhpháirtíochtaí Tallainne, an tAontas a chur chun cinn mar cheann scríbe mealltach do dhaoine tréitheacha ó thríú tíortha chun tabhairt faoi fhoghlaim, oiliúint agus staidéar agus feabhas a chur ar aitheantas cóir trédhearcach, chomh maith le páirtfhoghlaim agus réamhfhoghlaim.

Tugtar tuairisc sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis ar fhianaise taighde le déanaí mar aon le torthaí comhairliúcháin éagsúla a thacaíonn leis an moladh atá beartaithe.

2023/0405 (NLE)

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**'An Eoraip ag Bogadh' – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 165 agus 166 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I nDearbhú na Róimhe an 25 Márta 2017, gheall ceannairí an Aontais Eorpaigh go n-oibreoidís i dtreo Aontas ina bhfaighidh daoine óga an t-oideachas agus an oiliúint is fearr agus inar féidir leo staidéar a dhéanamh agus poist a aimsiú ar fud na mór-roinne.

(2) Tá sé léirithe go bhfuil an tsoghluaisteacht foghlama an-luachmhar d'fhoghlaimeoirí chun na hinniúlachtaí[44] is gá le haghaidh forbairt phearsanta, oideachasúil agus ghairmiúil a ghnóthú. Cuireann eispéiris foghlama trasteorann le tuiscint idirchultúrtha agus cuidíonn siad le féiniúlacht choiteann Eorpach a fhorbairt. Tá eagrú na soghluaisteachta foghlama, isteach agus amach araon, ina spreagadh láidir freisin d'institiúidí oideachais agus oiliúna agus do sholáthraithe foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla chun cáilíocht na foghlama atá ar fáil a fheabhsú.

(3) Tá an tsoghluaisteacht foghlama tábhachtach chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna san Aontas, go háirithe na scileann is gá chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach agus le haghaidh aistriú foghlaimeoirí chuig an margadh saothair. Le foghlaim obairbhunaithe, lena n-áirítear tréimhsí a chaitear i dtír eile, soláthraítear buntáistí i gcomhair sealbhú scileanna agus i gcomhair infhostaitheachta. Leis an tsoghluaisteacht foghlama d'fhéadfaí lánpháirtiú náisiúnach tríú tír i margadh saothair an Aontais a éascú freisin.

(4) Tá sé riachtanach deiseanna soghluaisteachta foghlama a sholáthar do chách chun an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020 maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025[45], fógraíodh gur tugadh an creat soghluaisteachta foghlama cothrom le dáta, Moladh 2011 ón gComhairle 'An Óige ag gluaiseacht' – agus leis sin cuirtear chun

[44] I gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 22 Bealtaine 2018 maidir le hinniúlachtaí lárnacha d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil (IO C 189, 4.6.2018, lgh. 1-13), sainítear inniúlachtaí mar mheascán d'eolas, de scileanna agus de dhearcthaí.

[45] COM(2020) 625 final

cinn soghluaisteacht foghlama daoine óga '[46], agus forbraítear an creat beartais maidir le soghluaisteacht foghlama múinteoirí chun go mbeidh níos mó foghlaimeoirí agus múinteoirí in ann leas a bhaint as an tsoghluaisteacht. Leis an Moladh sin, tugtar Moladh 2011 ón gComhairle cothrom le dáta chun a fhorálacha a neartú, chun deiseanna soghluaisteachta foghlama a leathnú – idir daoine óga, foghlaimeoirí d'aon aois, agus baill foirne – agus chun aghaidh a thabhairt ar phatrúin foghlama nua, lena n-áirítear foghlaim chumaisc.

(5) Le ceann de thosaíochtaí straitéiseacha an Rúin ón gComhairle an 18 Feabhra 2021 maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus níos faide i gcéin (2021-2030)[47], bhíothas leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus an tsoghluaisteacht a chur i gcrích do chách. Rún ón gComhairle an 16 Bealtaine 2023 maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais: ag féachaint go 2025 agus ina dhiaidh sin[48], cuireadh i dtábhacht go bhfuil sé ríthábhachtach na bacainní atá fágtha ar shoghluaisteacht foghlama agus teagaisc a shainaithint agus fáil réidh leo agus soghluaisteacht chuimsitheach, inbhuanaithe agus chothrom á spreagadh chun an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach go hiomlán.

(6) Léirítear le sonraí arna mbailiú ag an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) gur gá do thíortha dlús a chur lena n-iarrachtaí chun feabhas a chur ar a meánfheidhmíocht maidir le tacaíocht chuimsitheach a sholáthar do shoghluaisteacht na bhfoghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, go háirithe do phrintísigh. Léirítear le hanailís ar phleananna náisiúnta cur chun feidhme [49] Mholadh 2020 ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint maidir le hiomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht[50] nár thug ach thart ar leath de na Ballstáit tús áite do bhearta chun an tsoghluaisteacht i ngairmoideachas agus gairmoiliúint a fheabhsú.

(7) In anailís[51] ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle an 15 Márta 2018 maidir le Creat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha[52] agus fianaise Cedefop[53], tugtar le fios go bhfuil soghluaisteacht na bprintíseach fós tearcfhorbartha agus gur gá níos mó a dhéanamh lena chur ar a gcumas páirt a ghlacadh i malartuithe soghluaisteachta.

(8) Sna conclúidí ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le soghluaisteacht múinteoirí agus oiliúnóirí a threisiú[54], iarradh go gcuirfear chun cinn agus go leathnófar an tsoghluaisteacht chun go mbeidh sí ina gné choiteann ina n-oiliúint agus ina ngairm.

(9) Léirítear le hanailís ar chur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais[55] go bhfuil gá le hiarrachtaí méadaithe a dhéanamh chun rochtain éifeachtach ar dheiseanna

[46] IO C 199, 7.7.2011, lch. 1.
[47] IO C 66, 26.2.2021, lgh. 1-21.
[48] IO C 185, 26.5.2023, lch. 5.
[49] Nóta faisnéise – Ag obair le chéile i dtreo gairmoideachas agus gairmoiliúint atá tarraingteach, cuimsitheach, nuálach, lúfar agus solúbtha; Cedefop. Nasc: https://www.cedefop.europa.eu/en/publications/9180
[50] IO C 417, 2.12.2020, lch. 1.
[51] Nasc: https://ec.europa.eu/social/main.jsp?catId=89&furtherNews=yes&langId=ga&newsId=10070
[52] IO C 153, 2.5.2018, lch. 1.
[53] Cumasóirí agus díchumasóirí shoghluaisteacht fhadtéarmach trasteorann na bprintíseach: fianaise ó imscrúduithe ar leibhéal tíre agus ar leibhéal tionscadail. Nasc: https://www.cedefop.europa.eu/files/2021-10/3089_en.pdf
[54] IO C 167, 21.4.2022, lch. 2.

soghluaisteachta do gach duine óg agus d'oibrithe óige a éascú. Áirítear leis sin obair dheonach in earnáil na sochaí sibhialta agus tuilleadh oibre ar chórais éifeachtacha chun inniúlachtaí a fuarthas trí shoghluaisteacht foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a bhailíochtú, i sineirgíocht leis an Moladh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le soghluaisteacht saorálaithe óga ar fud an Aontais Eorpaigh[56].

(10) Tá an easpa inniúlachtaí i dteangacha iasachta fós ar cheann de na mórbhacainní ar thabhairt faoi eispéiris soghluaisteachta foghlama, staidéar agus obair thar lear, agus gach rud a fháil amach faoi éagsúlacht chultúrtha na hEorpa. An tráth céanna, d'fhéadfaí foghlaimeoirí ó thír eile a spreagadh chun tabhairt faoi shoghluaisteacht foghlama le tairiscint cúrsa éigin i dteanga iasachta

(11) Cuireadh i dtábhacht sa Tuarascáil i ndáil le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le huathaitheantas do cháilíochtaí agus do thréimhsí foghlama[57] thar lear chomh maith leis na conclúidí gaolmhara ón gComhairle[58] go bhfuil gá le hiarrachtaí substaintiúla breise chun uathaitheantas a fhíorú san Aontas Eorpach. I réimse an ardoideachais, rinneadh feabhsuithe suntasacha ar an tuiscint ar choincheap an uathaitheantais i measc na n-údarás náisiúnta. Mar sin féin, tá neamhréireachtaí atá fágtha agus easpa trédhearcachta lena gcuirtear bac ar mhic léinn páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta fós ina dtoisc mhór.

(12) Trí shoghluaisteacht foghlama a chur chun cinn le tríú tíortha is féidir córais oideachais Eorpacha a dhéanamh níos mealltaí don chuid eile den domhan agus tallann a mhealladh chuig a n-institiúidí oideachais. Tá comhar idirnáisiúnta san oideachas agus san oiliúint, lena n-áirítear soghluaisteacht foghlama, riachtanach chun tosaíochtaí geopholaitiúla an Aontais a bhaint amach, go háirithe an Tairseach Dhomhanda, agus chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 a bhaint amach.

(13) Tá tábhacht ar leith ag baint leis na buntáistí a bhaineann le rochtain a chur chun cinn do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu ar shoghluaisteacht foghlama, agus tá an cuspóir sin um chuimsiú i gcroílár chlár Erasmus+ 2021-2027. Tá sé ríthábhachtach an cuspóir sin a leathnú chuig scéimeanna soghluaisteachta foghlama eile ar fud an Aontais.

(14) Dírítear tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha ar shoghluaisteacht 50 % i measc na n-institiúidí rannpháirteacha, agus le go bhféadfaí comhchéim Eorpach a fhorbairt ní mór soghluaisteacht a leabú sna curaclaim freisin Tá an buiséad méadaithe Erasmus+ do 2021-2027 mar bhonn faoi chuspóir an Aontais níos mó mac léinn a mhealladh chun páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht foghlama uair amháin ar a laghad le linn a gcuid staidéar. Tá sé tábhachtach, mar sin, an sprioc soghluaisteachta foghlama 20 % a mhéadú, sprioc a socraíodh den chéad uair i gcomhthéacs Phróiseas Bologna in 2009. Leis na huirlisí a forbraíodh ó shin i leith, mar aon leis na bearta a mholtar leis an Moladh seo, cruthaítear na coinníollacha creata is gá chun go mbeidh 25 % ar a laghad de chéimithe ardoideachais in ann páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht foghlama.

(15) Tá na patrúin foghlama tagtha chun cinn le 10 mbliana anuas, lena n-áirítear mar gheall ar phaindéim COVID-19, lenar cuireadh borradh faoin bhfoghlaim fhíorúil agus chumaisc. Le leathnú na ndeiseanna soghluaisteachta foghlama chuig foghlaimeoirí,

[55] Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh (2019-2021).

[56] IO C 157, 11.4.2022, lgh. 1-9.

[57] COM/2023/91 final

[58] IO C 185, 26.5.2023, lgh. 44-50.

oideoirí agus baill foirne i ngach earnáil oideachais agus oiliúna, óige agus spóirt i suíomhanna foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, spreagadh forbairt formáidí soghluaisteachta foghlama solúbtha freisin.

(16) Ba cheart tuilleadh tacaíochta a thabhairt do shoghluaisteacht chothromaithe do thaighdeoirí, go háirithe do thaighdeoirí luathghairme, chun a bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil a mhéadú chun tairbhe d'iomaíochas an chórais taighde agus nuálaíochta san Eoraip.

(17) Is é is aidhm don Mholadh seo cuidiú leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025. Áirítear leis an bhfís maidir le cáilíocht san oideachas a chur chun cinn go mbeidh an déshaoirse ag foghlaimeoirí agus ag múinteoirí chun bheith soghluaiste, go háirithe do dhaoine ó chúlraí sóisialta faoi mhíbhuntáiste agus do dhaoine faoi mhíchumas, agus d'institiúidí chun teagmháil a dhéanamh le chéile go héasca san Eoraip agus níos faide i gcéin. Ba cheart do chórais oideachais agus oiliúna atá cuimsitheach agus cothrom tacú le sochaithe comhtháite agus an bonn a leagan síos do shaoránacht ghníomhach agus feabhas a chur ar infhostaitheacht. Iarrann sé ar na Ballstáit dálaí cumasúcháin a shocrú le haghaidh soghluaisteacht foghlama, agus fáil réidh le bacainní agus dreasachtaí a sholáthar a bheidh saincheaptha do riachtanais shonracha foghlaimeoirí, oideoirí agus foirne in earnálacha éagsúla.

(18) Is é is aidhm don Mholadh seo freisin comhar níos fearr le tríú tíortha tábhachtacha a éascú mar a bheartaítear sa tionscnamh um Chomhpháirtíochtaí Tallainne, an tAontas a chur chun cinn mar cheann scríbe mealltach do dhaoine tréitheacha ó thríú tíortha chun tabhairt faoi fhoghlaim, oiliúint agus staidéar.

(19) Is é is aidhm don Mholadh seo na sineirgí agus na comhlántachtaí atá ann cheana idir cláir an Aontais lena dtugtar aghaidh ar shoghluaisteacht foghlama a mheabhrú, amhail Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus ionstraimí maoiniúcháin eile ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal idirnáisiúnta, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach, amhail cistí an bheartais chomhtháthaithe, go háirithe Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, lena thionscnamh Aimsigh, Foghlaim, Máistir, Gnóthaigh (ALMA).

(20) Is é is aidhm don Mholadh seo freisin borradh a chur faoi shoghluaisteacht foghlama do mhúinteoirí agus do phrintísigh trí chreataí beartais tiomnaithe sna hIarscríbhinní. Tá ganntanas múinteoirí le feiceáil i scoileanna, agus ba cheart cur le mealltacht na gairme leis an tsoghluaisteacht foghlama . D'fhéadfadh múinteoirí a bhfuil taithí acu ar shoghluaisteacht a bheith ina n-eiseamláirí d'fhoghlaimeoirí agus is féidir leo cuidiú le comhar trasnáisiúnta agus idirnáisiúnta a chur chun cinn. Cuirtear i dtábhacht sna conclúidí ón gComhairle maidir le soghluaisteacht múinteoirí agus oiliúnóirí a fheabhsú le linn oideachas agus oiliúint tosaigh agus inseirbhíse, an tionchar dearfach a bhíonn ag soghluaisteacht foghlama thar lear ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí agus ar chórais oideachais, agus bacainní ar shoghluaisteacht á sainaithint. Ina theannta sin, tá sraith bacainní sonracha roimh phrintísigh a bhaineann le gnéithe speisialta na foghlama obairbhunaithe. Ba cheart cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na bearnaí scileanna leis an tsoghluaisteacht, tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach agus infhostaitheacht a mhéadú, go háirithe infhostaitheacht daoine óga,

Á AITHINT DI:

(21) Chun críocha an Mholta seo, úsáidtear an sainmhíniú céanna ar 'soghluaisteacht foghlama' agus a úsáidtear i Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear clár Erasmus+. Ciallaíonn sé

bogadh go fisiceach go tír eile nach í an tír chónaithe í chun tabhairt faoi staidéir, oiliúint nó foghlaim sheachfhoirmiúil nó foghlaim neamhfhoirmiúil. Cumhdaítear leis an Moladh seo an tsoghluaisteacht foghlama laistigh den Aontas agus an tsoghluaisteacht foghlama idirnáisiúnta chuig an Aontas Eorpach agus uaidh.

(22) Cumhdaítear le soghluaisteacht foghlama faoin Moladh seo foghlaimeoirí agus baill foirne i ngach earnáil den fhoghlaim ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear an scoil, ardoideachas, gairmoideachas agus gairmoiliúint, foghlaim aosach chomh maith le soghluaisteacht foghlama daoine óga, oibrithe óige agus ball foirne in oideachas agus cúram luath-óige agus i spórt araon. Cumhdaítear leis gach cineál soghluaisteachta foghlama, lena n-áirítear soghluaisteacht ghearrthéarmach, soghluaisteacht ghrúpa, soghluaisteacht chumaisc, soghluaisteacht creidiúintí agus soghluaisteacht céimeanna.

(23) leis an sprioc um shoghluaisteacht foghlama san ardoideachas, áirítear leis na gníomhaíochtaí soghluaisteachta a chumhdaítear, soghluaisteacht amach ar feadh 2 mhí ar a laghad, lena n-áirítear cúrsaí oiliúna agus soghluaisteacht staidéir araon, agus soghluaisteacht níos giorra lena mbaineann 3 chreidiúint ar a laghad de chuid an Chórais Eorpaigh Aistrithe Creidiúna (ECTS). Is féidir iad leo sin a bheith go hiomlán fisiceach nó cumaiscthe, comhdhéanta de chomhpháirt fhíorúil agus de chomhpháirt fhisiceach araon. Déantar an sprioc a ríomh ar leibhéal na gcéimithe, do chéimithe a bhí rannpháirteach sa tsoghluaisteacht foghlama uair amháin ar a laghad le linn a staidéir.

(24) Chun freagairt do na glaonna[59] ar sprioc níos uaillmhianaí ná an sprioc reatha 8 % don tsoghluaisteacht foghlama thar lear do mhic léinn gairmoideachais agus gairmoiliúna, moltar sa Mholadh seo an sprioc rannpháirtíochta d'fhoghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, lena n-áirítear printísigh, a mhéadú go 15 % faoi 2030. Tógann sprioc don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint ar an táscaire a shainítear sna conclúidí ón gComhairle maidir le tagarmharc don tsoghluaisteacht foghlama (2011/C372/08)[60] agus leis an Moladh ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht. Déantar í a thomhas mar sciar na bhfoghlaimeoirí agus na bprintíseach atá cláraithe i gcláir ghairme ardleibhéil agus iar-mheánleibhéil a ghlac páirt i dtréimhse shoghluaisteachta thar lear le linn a staidéir. Áirítear léi rannpháirtithe deiseanna soghluaisteachta solúbtha amhail Erasmus+ (mar shampla soghluaisteacht ghearrthéarmach, soghluaisteacht ghrúpa, soghluaisteacht chumaisc, soghluaisteacht atá nasctha le rannpháirtíocht i gcomórtais scileanna).

(25) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/817, ciallaíonn 'daoine ar lú na deiseanna atá acu', daoine a mbíonn bacainní rompu lena gcuirtear cosc orthu rochtain éifeachtach a fháil ar dheiseanna soghluaisteachta foghlama ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta, cultúrtha, geografacha nó sláinte, mar gheall ar a gcúlra imirceach, nó ar chúiseanna amhail míchumas nó deacrachtaí oideachais, nó ar aon chúis eile, lena n-áirítear cúis a d'fhéadfadh a bheith mar bhun le hidirdhealú faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(26) Chun críocha an Mholta seo agus i gcomhréir leis na treoirlínte cur chun feidhme maidir le Erasmus+ agus Straitéis um Chuimsiú agus Éagsúlacht an Chóir

59 Lena n-áirítear rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an Moladh ón gComhairle maidir le hiomaíochas inbhuanaithe, cothroime shóisialta agus athléimneacht.

60 http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=uriserv:OJ.C_.2011.372.01.0031.01.ENG&toc=OJ:C:2011:372:TOC

Dlúthpháirtíochta Eorpaigh[61], áirítear ar bhacainní ar shoghluaisteacht foghlama míchumas, fadhbanna sláinte, bacainní a bhaineann le córais oideachais agus oiliúna, difríochtaí cultúrtha, bacainní sóisialta, bacainní eacnamaíocha, bacainní a bhaineann le hidirdhealú agus bacainní geografacha.

Á AITHINT GO BHFUIL SÉ BEARTAITHE AG AN gCOIMISIÚN TÓGÁIL AR THIONSCNAIMH ATÁ ANN CHEANA CHUN TACÚ LE CUR CHUN FEIDHME AN MHOLTA SEO AGUS CHUN AN BONN FIANAISE AR SHOGHLUAISTEACHT FOGHLAMA A NEARTÚ TRÍD AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

(27) Treoirlínte a fhorbairt maidir le pleananna gníomhaíochta a ullmhú dá dtagraítear i bpointe 12 den Mholadh seo chomh maith le tuarascáil forléargais maidir leis na pleananna sin a dhréachtú chun tacú le deiseanna piarfhoghlama agus le malartú dea-chleachtais.

(28) Tacú a thuilleadh le cur chun feidhme an Mholta seo trí thógáil ar chomhar agus ar chomhchruthú na ngrúpaí saineolaithe faoi rialachas an Limistéir Eorpaigh Oideachais.

(29) Rannpháirtíocht na ndaoine óga a spreagadh agus tacú leo maidir le straitéisí agus cláir um shoghluaisteacht foghlama a dhearadh agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, áitiúil agus Eorpach.

(30) Tacaíocht a fhorbairt a thuilleadh, a chur chun cinn a thuilleadh agus a sholáthar trí chláir Erasmus+ agus tríd an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach maidir le húsáid uirlisí an Aontais lena dtacaítear le cur chun feidhme tréimhsí foghlama thar lear amhail tionscnamh an Chárta Mic Léinn Eorpaigh, Tacaíocht Teanga Ar Líne, an tArdán Oideachais Scoile Eorpach, Tairseach Eorpach na hÓige, Oiliúint Ghinearálta ar Líne, Youthpass agus Europass.

(30) Tacaíocht a fhorbairt a thuilleadh, a chur chun cinn a thuilleadh agus a sholáthar tríd an gclár Erasmus+ maidir le húsáid uirlisí an Aontais lena dtacaítear le trédhearcacht agus bailíochtú thorthaí tréimhsí foghlama thar lear agus dintiúir, go háirithe Youthpass agus ardán Europass/Europass Mobility, lena n-áirítear trí idir-inoibritheacht shéimeantach tríd an tSamhail Eorpach Foghlama agus trí Dhintiúir Dhigiteacha Eorpacha don Fhoghlaim.

(32) Tacaíocht a fhorbairt a thuilleadh agus a sholáthar do chomhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha, lena n-áirítear tríd an gclár Erasmus+ agus trí thacaíocht beartais, rud a chuirfidh ar a gcumas barr a gcumais a bhaint amach agus gníomhú mar eiseamláirí don earnáil ardoideachais trí shoghluaisteacht éasca agus leabaithe a chothú i gcampais idir-ollscoile Eorpacha, rud a chuirfidh micridhintiúir chun cinn, agus a réiteoidh an bealach i dtreo comhchéim Eorpach fhéideartha.

(33) Tacaíocht bhreise a sholáthar ó chlár Erasmus+ trí chomhar agus foghlaim fhrithpháirteach a spreagadh i measc na mBallstát maidir le huathaitheantas do cháilíochtaí agus do thorthaí na dtréimhsí foghlama thar lear a dhéantar sna hearnálacha oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal a áirithiú, lena n-áirítear don fhoghlaim fhíorúil agus don fhoghlaim chumaisc.

[61] Treoirlínte cur chun feidhme do Erasmus+ agus do Straitéis um Chuimsiú agus Éagsúlacht an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, nasc: https://erasmus-plus.ec.europa.eu/document/implementation-guidelines-erasmus-and-european-solidarity-corps-inclusion-and-diversity-strategy

(33) Leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit i dtreo cur chuige cuimsitheach maidir le teangacha a theagasc agus a fhoghlaim, go háirithe trí ghníomhaíochtaí piarfhoghlama, trí thionscnaimh agus imeachtaí amhail Lá Eorpach na dTeangacha a chur chun cinn agus trí chomhar le páirtithe leasmhara agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta amhail Comhairle na hEorpa agus ECFE maidir le huirlisí nuálacha le haghaidh foghlaim teangacha a fhorbairt.

(33) Cruthú sineirgí agus comhlántachtaí idir cláir an Aontais lena dtugtar aghaidh ar shoghluaisteacht foghlama a chur chun cinn, amhail Erasmus+ agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach, agus ionstraimí maoiniúcháin eile ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnach amhail cistí an Bheartais Chomhtháthaithe, go háirithe Ciste Sóisialta na hEorpa Plus agus cláir Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, chun tionchar na ngníomhaíochtaí lena gcuirtear deiseanna soghluaisteachta foghlama chun cinn a uasmhéadú, lena n-áirítear trí thacú le cur chun feidhme uirlisí agus straitéisí chun rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu a mhéadú.

(36) Cuidiú leis na Ballstáit córais soghluaisteachta foghlama a athchóiriú agus a fheabhsú ar an leibhéal náisiúnta agus ilnáisiúnta.

(37) Réimsí idirghabhála na n-ionstraimí maoiniúcháin atá ann cheana a mhapáil ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal idirnáisiúnta, náisiúnta nó réigiúnach chun feasacht a mhúscailt maidir lena ngníomhaíochtaí féideartha agus lena ndea-chleachtais chun tacú le soghluaisteacht foghlama agus chun cur chuige sineirgeach éifeachtach a chothú ar fud na bpáirtithe leasmhara ábhartha.

(38) Oibriú leis na Ballstáit agus le páirtithe ábhartha chun tuilleadh feabhais a chur ar cháilíocht agus ar infhaighteacht sonraí agus modheolaíochtaí ar leibhéal an Aontais a fhorbairt maidir le sonraí a bhailiú agus a anailísiú, lena n-áirítear suirbhéanna, mar shampla, an suirbhé Eorpach ar rianú céimithe, maidir le soghluaisteacht foghlama i ngach earnáil oideachais agus oiliúna agus óige, ar féidir leo cuimsitheacht agus éagsúlachtaí críochacha a chur san áireamh freisin, agus reachtaíocht an Aontais maidir le cosaint sonraí á comhlíonadh go hiomlán.

(39) An Scórchlár Soghluaisteachta a athchóiriú, i ndlúthchomhar le saineolaithe ó na Ballstáit, chun obair leantach a dhéanamh maidir le cur chun feidhme an Mholta seo agus chun é a leathnú chun gach earnáil oideachais agus oiliúna, agus gach earnáil óige, a chumhdach.

**TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH AGUS MOLANN SÉ DO NA BALLSTÁIT**

De réir shaintréithe an oideachais scoile náisiúnta, an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, na gcóras ardoideachais agus oideachais aosaigh, agus na n-earnálacha óige agus spóirt:

(39) gluaiseacht éasca foghlaimeoirí, oideoirí agus ball foirne laistigh den Limistéar Eorpach Oideachais a chur chun cinn chun tacú le forbairt a dtacar scileanna ar bhonn uilechoiteann, go háirithe na hinniúlachtaí sin atá riachtanach don aistriú glas agus don aistriú digiteach, muinín agus tuiscint a chothú idir córais oideachais agus oiliúna, earnálacha na hóige agus an spóirt, agus saoránacht ghníomhach a chur chun cinn;

(b) oibriú i dtreo scéimeanna soghluaisteachta foghlama a bheidh cuimsitheach, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, a bhaineann tairbhe as úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus a chuireann luachanna coiteanna an Aontais chun cinn;

(c) spriocanna nua ar leibhéal an Aontais a bhunú agus oibriú chun iad a bhaint amach faoi 2030:

– san ardoideachas, ba cheart go mbeadh 25 % ar a laghad i gceist le sciar na gcéimithe a mbeidh eispéireas soghluaisteachta foghlama acu;

– sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, ba cheart go mbeadh 15 % ar a laghad i gceist le sciar na bhfoghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna á mbeidh tairbhe á baint acu as soghluaisteacht foghlama thar lear;

– i ngach córas oideachais agus oiliúna, agus i ngach córas óige agus spóirt, ba cheart go mbeadh 20 % ar a laghad de líon na ndaoine ar lú na deiseanna atá acu i measc líon na bhfoghlaimeoirí go léir a mbeidh tairbhe á baint acu as soghluaisteacht foghlama thar lear.

(d) comhar struchtúrach a bhunú le páirtithe leasmhara i réimse na soghluaisteachta foghlama i bhfianaise chur chun feidhme an Mholta seo.

(1) Deiseanna sistéamacha soghluaisteachta foghlama a sholáthar tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cuid chaighdeánach agus lárnach d'oideachas scoile, gairmoideachas agus gairmoiliúint agus printíseachtaí, córais ardoideachais agus oideachais agus oiliúna d'aosaigh a dhéanamh den tsoghluaisteacht foghlama thar lear tríd an deis chun tréimhsí soghluaisteachta foghlama thar lear a leabú i ngach curaclam oideachais agus oiliúna trí dheiseanna soghluaisteachta solúbtha, trí chúrsaí roghnacha agus trí dheiseanna eile;

(b) tacú le soláthraithe oideachais agus oiliúna chun sciar méadaitheach de ghníomhaíochtaí comhpháirteacha trasteorann a fhorbairt agus a sholáthar, lena n-áirítear cláir chomhpháirteacha as a dtiocfaidh comhchéimeanna, tríd an úsáid is fearr a bhaint as tionscnaimh Eorpacha, go háirithe comhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha, Ionaid Barr Feabhais Gairme, Foirne Náisiúnta Gairmoideachais agus Gairmoiliúna, Comhghuaillíochtaí don Nuálaíocht agus Acadaimh Múinteoirí Erasmus+; tógáil ar thaithí chomhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha a dhíríonn ar ráta soghluaisteachta 50 % de mhic léinn go a mbeidh roghanna soghluaisteachta fisiciúla, fíorúla agus cumaisc;

(c) soghluaisteacht foghlama isteach agus amach a chur chun cinn agus a leabú i suíomhanna foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, suíomhanna oibre don óige agus i suíomhanna saorálaíochta mar roghanna soghluaisteachta luachmhara agus inmharthana do gach foghlaimeoir agus ball foirne, lena n-áirítear trí mhúscailt feasachta, trí bhearta for-rochtana agus trí thacaíocht eile do sholáthraithe foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha, d'ionaid óige agus d'eagraíochtaí sochaí sibhialta;

(d) tacú le critéir cháilíochta a chur i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama a ullmhú, a chur chun feidhme agus obair leantach a dhéanamh ina leith, lena n-áirítear trí thógáil ar chaighdeáin cháilíochta arna bhforbairt laistigh de chlár Erasmus+, de chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus de scéimeanna soghluaisteachta foghlama eile, agus trí dhíriú ar inrochtaineacht agus ar chuimsitheacht na ngníomhaíochtaí sin;

(e) comhar i measc na gcomhlachtaí a bhainistíonn ionstraimí maoiniúcháin agus a chuireann chun feidhme iad ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal

idirnáisiúnta, náisiúnta nó leibhéal réigiúnach chun gníomhaíochtaí comhordaithe lena dtacaítear le soghluaisteacht foghlama agus lena gcuirtear chun cinn iad a áirithiú, agus forluí á sheachaint agus tionchar na n-acmhainní á uasmhéadú.

(2) Foghlaim teangacha a fheabhsú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) foghlaim teangacha a neartú ag gach céim den oideachas agus den oiliúint agus i gcórais óige agus spóirt, lena n-áirítear trí chuid de churaclaim a sholáthar i dteangacha eile an Aontais seachas an teanga náisiúnta/ teangacha náisiúnta chun roghanna agus deiseanna soghluaisteachta foghlama a threisiú;

(b) rochtain ar oideachas agus foghlaim teanga a éascú, lena n-áirítear don daonra aosach, chun feabhas a chur ar inniúlachtaí ilteangacha agus lena chur ar chumas saoránach lántairbhe a bhaint as soghluaisteacht foghlama, as an Limistéar Eorpach Oideachais agus as deiseanna fostaíochta.

(3) Tacú le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cultúr soghluaisteachta foghlama ar feadh an tsaoil a chothú ag gach céim foghlama ó oideachas scoile go dtí oideachas aosach agus sna suíomhanna foghlama ar fad, lena n-áirítear trí fhormáidí agus gníomhaíochtaí soghluaisteachta éagsúla a fhorbairt, tacú le heagraíochtaí seolta agus óstála chun tabhairt faoina straitéis idirnáisiúnaithe, cur le mealltacht institiúidí oideachais maidir le foghlaimeoirí soghluaiste a óstáil, agus líonraí alumni a spreagadh chun taithí foghlama a fhorbairt agus a chur chun cinn ar an leibhéal áitiúil;

(b) comhar a chothú idir údaráis réigiúnacha agus áitiúla, soláthraithe oideachais agus oiliúna, eagraíochtaí sochaí sibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus comhlachtaí príobháideacha chun soghluaisteacht foghlama amach a chur chun cinn agus chun tacú léi, lena n-áirítear do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu, agus timpeallacht fháilteach a chruthú do rannpháirtithe soghluaisteachta foghlama atá ag teacht isteach ó thar lear;

(c) údaráis agus eagraíochtaí a bhainistíonn scéimeanna soghluaisteachta, i róil seolta agus óstála araon, a spreagadh chun an t-ualach riaracháin a laghdú d’eagraíochtaí agus do rannpháirtithe agus treoir shoiléir a sholáthar le linn an phróisis iarratais;

(d) tacú le formáidí soghluaisteachta foghlama solúbtha ar féidir comhthiomsú na rannpháirtithe a leathnú leo agus agus ar féidir leo feidhmiú mar chéim aistir chuig tréimhsí soghluaisteachta níos faide, lena n-áirítear gníomhaíochtaí soghluaisteachta grúpa, soghluaisteacht ghearrthéarmach agus dianchláir chumaisc agus aon eispéiris foghlama eile a bhféadfadh micridhintiúir a fháil ina leith, i gcomhréir leis an gcur chuige Eorpach maidir le micridhintiúir don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don infhostaitheacht;

(e) luach a chur ar obair na foirne a ullmhaíonn agus a chuireann tionscadail agus gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama chun feidhme trí chuid lárnach agus cuid a aithnítear go foirmiúil de ghairm na foirne oideachais agus oiliúna agus d’oibrithe óige a dhéanamh di, go háirithe i dtéarmaí cuótaí uaireanta oibre agus ceanglais fhoirmiúla maidir le dul chun cinn gairme, agus ról shoghluaisteacht na foirne maidir le soghluaisteacht foghlaimeoirí a ullmhú, a spreagadh agus ansin tacú léi a aithint.

(4) Faisnéis faoi dheiseanna soghluaisteachta foghlama a sholáthar tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) tionscnóirí soghluaisteachta foghlama – comhordaitheoirí, pointí teagmhála, ambasadóirí nó lárionaid faisnéise soghluaisteachta foghlama tiomnaithe – a chur ar bun ar an leibhéal réigiúnach nó áitiúil lena saineolas a roinnt le soláthraithe oideachais agus oiliúna réigiúnacha agus áitiúla, le heagraíochtaí sochaí sibhialta agus le comhlachtaí príobháideacha, chun tacú le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama, agus chun na comhordaitheoirí sin a spreagadh chun líonrú a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus laistigh den Aontas;

(b) faisnéis spriocdhírithe a thairiscint d'fhoghlaimeoirí maidir le deiseanna soghluaisteachta foghlama le linn an timthrialla foghlama ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear i scoileanna agus in ionaid óige, i measc soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna agus soláthraithe oideachais aosaigh, soláthraithe oibre óige agus saorálaíochta, institiúidí ardoideachais agus fostóirí, trí thógáil ar thionscnóirí soghluaisteachta foghlama agus trí fhaisnéis maidir le deiseanna soghluaisteachta foghlama a chomhtháthú i dtreoir staidéir agus gairme;

(c) na buntáistí a bhaineann le tréimhse shoghluaisteachta thar lear a chur chun cinn agus comhairle, leideanna agus meantóireacht a sholáthar, go háirithe d'fhoghlaimeoirí ar lú na deiseanna atá acu, lena n-áirítear trí lántairbhe a bhaint as Aip Erasmus+;

(d) eagraíochtaí óstála a spreagadh chun glacadh éasca foghlaimeoirí isteach a áirithiú, lena n-áirítear trí fhaisnéis agus ábhar ábhartha a bheith ar fáil;

(e) nasc a bhunú idir soghluaisteacht foghlama agus soghluaisteacht an lucht saothair trí thionscnóirí soghluaisteachta foghlama a nascadh le comhairleoirí soghluaisteachta líonra comhair Eorpaigh um sheirbhísí fostaíochta (EURES);

(f) faisnéis a sholáthar maidir leis na dálaí maireachtála agus oibre i dtíortha óstacha trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis atá ar fáil ar thairseach EURES maidir le dálaí maireachtála agus oibre i ngach Ballstát agus i dtíortha CSTE agus sa roinn thiomnaithe i gCúinne Foghlama an Aontais, lena n-áirítear tríd an bhfaisnéis sin a nascadh le tairseacha náisiúnta soghluaisteachta foghlama.

(5) Tacú le trédhearcacht agus le haitheantas torthaí foghlama tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) borradh a chur faoi uathaitheantas do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear sna earnálacha oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal, lena n-áirítear don fhoghlaim fhíorúil agus don fhoghlaim chumaisc, trí threoir agus oiliúint a sholáthar do sholáthraithe oideachais agus oiliúna agus trí chomhsheasmhacht sa chinnteoireacht maidir le haitheantas a áirithiú;

(b) uathaitheantas iomlán a áirithiú do cháilíochtaí agus do thorthaí tréimhsí foghlama thar lear san ardoideachas trí úsáid iomlán a bhaint as na scéimeanna agus na huirlisí atá ar fáil, lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán ECTS a áirithiú tríd an gcóras seachtrach dearbhaithe cáilíochta i gcomhréir lena Threoir Úsáideora 2015, ag díriú ar thorthaí foghlama;

(c) institiúidí oideachais agus oiliúna a spreagadh chun taifead a choinneáil ar chinntí maidir le torthaí foghlama a aithint chun comhsheasmhacht agus

trédhearcacht cinnteoireachta a áirithiú le himeacht ama agus idir struchtúir eagraíochtúla éagsúla institiúidí agus tuiscint ar choincheap agus ar shainmhíniú an uathaitheantais;

(c) tacú le haitheantas iomlán d'inniúlachtaí a fhaightear trí shoghluaisteacht foghlama i suíomhanna foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, suíomhanna oibre don óige agus suíomhanna saorálaíochta trí chomhar maidir le socruithe bailíochtaithe a chur chun cinn i measc na gcomhlachtaí ábhartha ar fud na n-earnálacha oideachais agus oiliúna, soláthraithe foghlama seachfhoirmiúla agus eagraíochtaí sochaí sibhialta ionas gur féidir torthaí foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a úsáid go héasca san oideachas foirmiúil agus sa mhargadh saothair;

(e) tacú le soláthraithe oideachais agus oiliúna agus le heagraithe gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama don óige, obair óige agus obair dheonach maidir le húsáid shistéamach chreataí agus ionstraimí an Aontais, lena n-áirítear Europass, aicmiú ilteangach scileanna, inniúlachtaí agus gairmeacha Eorpacha, Dintiúir Dhigiteacha Eorpacha don Fhoghlaim, an Creat Eorpach um Cháilíochtaí, Soghluaisteacht Europass agus Youthpass agus/nó creataí náisiúnta chun tacú le sainaithint, doiciméadú, measúnú agus, i gcás inarb iomchuí, deimhniú inniúlachtaí arna bhforbairt trí shoghluaisteacht foghlama;

(f) bearta a dhéanamh i dtreo dhaingniú Choinbhinsiún Domhanda UNESCO ar Aitheantas Cáilíochtaí a bhaineann leis an Ardoideachas chun feabhas a chur ar aitheantas cóir trédhearcach do cháilíochtaí tríú tír chomh maith le páirtfhoghlaim agus réamhfhoghlaim; faisnéis a sholáthar don phobal maidir le próisis aitheantais cáilíochtaí tríú tír agus inchomparáideacht le cáilíochtaí náisiúnta;

(g) comhar beartais a úsáid, go háirithe Idirphlé Beartais Domhanda Phróiseas Bologna agus comhar na n-údarás aitheantais agus na ngníomhaireachtaí dearbhaithe cáilíochta, chun acmhainní a fhorbairt in institiúidí ardoideachais tríú tíortha agus próisis dearbhaithe cáilíochta a ailíniú chun torthaí foghlama eispéireas soghluaisteachta mac léinn tríú tír a uasmhéadú agus chun aitheantas iomlán na tréimhse soghluaisteachta i dtreo chéim an mhic léinn sa tír dhúchais a áirithiú.

(6) Tacú leis an aistriú chuig an margadh saothair agus soghluaisteacht oibre tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) an t-aistriú ó shoghluaisteacht foghlama go soghluaisteacht oibre a éascú trí chuidiú le foghlaimeoirí soghluaiste chomh maith le múinteoirí, oiliúnóirí, oideoirí eile agus oibrithe óige rochtain a fháil ar thacaíocht cuardaitheora poist ó sheirbhísí fostaíochta poiblí agus ó EURES;

(b) cuidiú le foghlaimeoirí, lena n-áirítear céimithe le déanaí trí Erasmus+, tabhairt faoi chúrsaí oiliúna thar lear lena gcuid scileanna fiontraíochta, nuálacha, cruthaitheacha agus idirchultúrtha a fhorbairt;

(c) eagraíochtaí ábhartha a spreagadh chun oiliúnaithe ó thar lear a óstáil, lena n-áirítear trí infheistíochtaí, trí fhorbairt feasachta agus trí fhaisnéis inrochtana.

(7) Soghluaisteacht foghlama a dhéanamh níos cuimsithí agus níos inrochtana tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) spriocanna um chuimsiú a leagan síos ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach le haghaidh soghluaisteacht foghlama a chuideodh leis an sprioc um chuimsiú a bhaint amach ar leibhéal an Aontais. Leagtar amach an sprioc sin i bpointe (c), agus bearta tiomnaithe a fhorbairt chun tacú le soghluaisteacht daoine ar lú na deiseanna atá acu;

(b) a áirithiú go mbeidh soghluaisteacht foghlama inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas trí fháil réidh le bacainní agus trí aghaidh a thabhairt ar a riachtanais ó na luathchéimeanna a bhaineann leis an ngníomhaíocht foghlama a dhearadh;

(c) an leibhéal tacaíochta is gá a sholáthar chun soghluaisteacht foghlama a dhéanamh inrochtana do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu, chomh maith le tacaíocht d'eagraíochtaí a óstálann na daoine sin, lena n-áirítear trí mhaoiniú iomchuí a sholáthar ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach agus trí shineirgí a chothú i measc ionstraimí maoiniúcháin éagsúla de chuid an Aontais, ionstraimí maoiniúcháin idirnáisiúnta, ionstraimí náisiúnta agus ionstraimí maoiniúcháin réigiúnacha;

(d) faisnéis bheacht thráthúil a sholáthar maidir leis an maoiniú soghluaisteachta foghlama atá ar fáil, uainiú na n-íocaíochtaí agus tacaíocht eile atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí;

(e) réamhíocaíochtaí iomlána nó páirteacha deontas a spreagadh agus inaistritheacht deontas agus iasachtaí a éascú. I gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, spreagadh chun na deontais sin a dhíolmhú ó aon chánacha agus ó aon tobhaigh shóisialta agus chun déileáil mar an gcéanna le deontais arna ndámhachtain ag eintitis phoiblí nó phríobháideacha dhlíthiúla; agus rannpháirtithe soghluaiste a chur ar an eolas faoi riachtanais nós imeachta maidir le cánachas ioncaim;

(f) soghluaisteacht foghlama thar lear a éascú trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais tithíochta mac léinn d'fhoghlaimeoirí soghluaiste mar aon le húdaráis ábhartha náisiúnta agus áitiúla;

(g) a áirithiú, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus leis an reachtaíocht náisiúnta, go dtabharfar cosaint iomchuí do rannpháirtithe soghluaiste, lena n-áirítear printísigh, oiliúnaithe, taighdeoirí óga agus oibrithe óige, go háirithe mionaoisigh, maidir le hárachas, caighdeáin saothair, ceanglais sláinte agus sábháilteachta, cáin, slándáil shóisialta lena n-áirítear rochtain ar chúram sláinte, agus i gcás inarb ábhartha an fhéidearthacht teidlíochtaí pinsin a charnadh.

(8) Soghluaisteacht na foghlama a dhéanamh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) i gcás inarb iomchuí, cuid dhílis den eispéireas soghluaisteachta foghlama a dhéanamh den taisteal lena mbainfidh modhanna níos inbhuanaithe ó chinn scríbe soghluaisteachta foghlama agus chuig cinn scríbe soghluaisteachta foghlama agus le linn tréimhsí soghluaisteachta, agus maoiniú imleor a sholáthar le haghaidh taisteal inbhuanaithe chomh maith le treoir ar thaisteal inbhunaithe;

(b) cuidiú le soláthraithe oideachais agus oiliúna agus le heagraíochtaí sochaí sibhialta a eagraíonn gníomhaíochtaí soghluaisteachta foghlama cleachtais

inbhuanaitheachta a chomhtháthú ina ngníomhaíochtaí laethúla trí oiliúint, trí threoirlínte agus trí mhalartú dea-chleachtais;

(b) tacú le soláthraithe oideachais agus oiliúna spriocanna a leagan síos agus socruithe faireacháin a dhéanamh ar an leibhéal eagraíochtúil chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó thaisteal soghluaisteachta foghlama a laghdú.

(9) Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha chun soghluaisteacht foghlama a éascú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) tacú le córais idir-inoibritheacha TF a fhorbairt agus a úsáid bunaithe ar chomhchaighdeáin Eorpacha d'fhoghlaimeoirí, d'oideoirí agus do bhaill foirne, agus an reachtaíocht um chosaint sonraí is infheidhme á comhlíonadh go hiomlán acu, chun eispéiris soghluaisteachta foghlama a bhainistiú agus a chlárú, agus d'eagraíochtaí chun faisnéis a sholáthar maidir le deiseanna soghluaisteachta, soghluaisteacht a bhainistiú, tacú le huathaitheantas agus an t-ualach riaracháin a laghdú, lena n-áirítear trí úsáid iomlán a bhaint as gnéithe an tionscnaimh an Chárta Mac Léinn Eorpaigh agus as na huirlisí arna dtairiscint ag ardán Europass, i measc nithe eile trí dhintiúir foghlama a dhigitiú leis an mbonneagar um Dintiúir Dhigiteacha Eorpacha don Fhoghlaim;

(b) rannchuidiú le tionscnaimh a thacaíonn le soghluaisteacht taighdeoirí agus lena soláthraítear seirbhísí ábhartha faisnéise agus tacaíochta, lena n-áirítear EURAXESS[62] agus Ardán Tallainne LET atá le teacht[63];

(c) tacaíocht airgeadais agus acmhainní daonna a sholáthar do sholáthraithe oideachais agus oiliúna agus d'eagraíochtaí sochaí sibhialta, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh uirlisí digiteacha a bhunú agus a úsáid ar a leibhéal nuair is gá agus/nó uirlisí digiteacha atá ann cheana a úsáid chun soghluaisteacht fhisiceach a chomhlánú;

(d) tacú le formáidí soghluaisteachta cumaiscthe agus fíorúla cáilíochta a fhorbairt trí chreataí náisiúnta atá ann cheana a oiriúnú chun formáidí soghluaisteachta nuálacha comhlántacha a úsáideann teicneolaíochtaí digiteacha a éascú a thuilleadh.

(10) Luachanna an Aontais a chur chun cinn trí shoghluaisteacht foghlama tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) gach foghlaimeoir, oideoir agus ball foirne a spreagadh chun páirt a ghlacadh i saol na bpobal óstach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí saorálaíochta, le linn a dtréimhse soghluaisteachta foghlama thar lear;

(b) eispéiris soghluaisteachta foghlama a threisiú le hoiliúint i bhfeasacht idirchultúrtha, i rannpháirtíocht shibhialta, i litearthacht dhigiteach agus sna meáin, i luachanna an Aontais agus i gcearta bunúsacha;

(c) faisnéis a bhaineann leis an gcomhthéacs áitiúil a sholáthar d'fhoghlaimeoirí, d'oideoirí agus do bhaill foirne atá ag teacht isteach agus cultúr fáilteach a chruthú trí mheantóirí agus trí thacaíocht riaracháin;

[62] EURAXESS – Taighdeoirí ag Gluaiseacht – Is ionad ilfhreastail é do thaighdeoirí agus do nuálaithe ar mian leo a ngairm bheatha agus a bhforbairt phearsanta a chur chun cinn trí bhogadh go tíortha eile.

[63] Is é is aidhm don ghníomhaíocht sin a bhfaightear tacaíocht ina leith ón gclár Fís Eorpach borradh a chur faoi idir-inoibritheacht gairmeacha agus infhostaitheacht na tallainne taighde agus nuálaíochta ar fud earnálacha.

(d) a áirithiú go mbeidh an leibhéal is airde saoirse acadúla ag mic léinn agus baill foirne shoghluaiste; institiúidí oideachais a spreagadh, lena n-áirítear trí dhearbhú cáilíochta, chun cultúr cáilíochta a fhorbairt lena n-áiritheofar go gcloífear go hiomlán le prionsabail ionracais acadúla freisin le linn tréimhsí soghluaisteachta.

(11) An tAontas a chur chun cinn mar cheann scríbe foghlama tríd and méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) comhoibriú go dlúth i gcur chuige Fhoireann na hEorpa chun cur le mealltacht an Aontais mar cheann scríbe foghlama, agus úsáid á baint as an réimse tionscnamh náisiúnta agus réigiúnach atá ann cheana amhail an tionscadal um Staidéar san Eoraip san ardoideachas;

(b) soghluaisteacht foghlama le codanna eile den domhan a éascú, go háirithe le tíortha a bhfuil peirspictíocht mhéadaithe acu, trí dhlúthchomhar idir a n-údaráis ábhartha agus institiúidí oideachais agus oiliúna agus na cinn san Aontas; Féadfaidh Comhpháirtíochtaí Tallainne creat a sholáthar do chomhpháirtíochtaí comhair níos láidre le tríú tíortha tábhachtacha i gcomhréir le cuspóirí arna gcomhaontú go frithpháirteach; leis an gcomhar sin féadfar cuidiú lena áirithiú go gcuideoidh an tsoghluaisteacht foghlama go hindíreach le dul i ngleic le bearnaí scileanna i dtríú tíortha agus san Aontas, mar shampla trí dhíriú ar bhearnaí scileanna in earnálacha a ndéanann an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach difear dóibh agus trí infhostaitheacht foghlaimeoirí a fheabhsú;

(c) tacú le heisiúint thráthúil víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe do náisiúnaigh tríú tír a roghnaítear le haghaidh deis foghlama i mBallstát, i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/801[64], nó víosaí gearrfhanachta, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 810/2009[65], ag brath ar an bhfad fanachta atá beartaithe san Aontas.

(12) Tacú le cur chun feidhme an Mholta seo tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) pleananna gníomhaíochta a fhorbairt do 2025-2030 ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach faoi mhí na Bhealtaine 2025 i gcomhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir agus fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le conas an Moladh seo a chur chun feidhme sna earnálacha ardoideachais, gairmoideachais agus gairmoiliúna, oideachais scoile agus oideachais aosach agus i gcórais óige agus spóirt lena dtugtar aghaidh ar shoghluaisteacht foghlama amach agus ar shoghluaisteacht foghlama isteach araon;

---

64 Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coinníollacha ligean isteach agus cónaí náisiúnaigh tríú tír chun críocha taighde, staidéar, oiliúna, seirbhíse deonaí, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadal oideachais agus obair *au pair* (IO L 132 21.5.2016, lch. 21).

65 Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1).

(b) comhoibriú go hiomlán leis an gCoimisiún maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe aige a dhéanamh mar a mhínítear in aithrisí 27-39.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*